2026/1898

31.7.2026

CINNEADH (AE, Euratom) 2026/1898 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA, ÓN gCOMHAIRLE AGUS ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Iúil 2026

lena gceaptar Stiúrthóir an Údaráis um páirtithe polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA, COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2025 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha [1], agus go háirithe Airteagal 8(3) de,

Ag féachaint don liosta iarrthóirí a mhol coiste roghnúcháin arna chomhdhéanamh d'Ardrúnaithe Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin an 13 Iúil 2026 tar éis glao oscailte ar iarrthóirí d'fhonn Stiúrthóir an Údaráis um páirtithe polaitiúla Eorpacha agus um fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a cheapadh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 bunaítear Údarás um páirtithe polaitiúla Eorpacha agus um fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha.

(2) Foráiltear le hAirteagal 8(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 go bhfuil Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, agus an Coimisiún, de thoil a chéile, chun Stiúrthóir an Údaráis um páirtithe polaitiúla Eorpacha agus um fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a cheapadh ar feadh téarma neamh-inathnuaite 5 bliana, ar bhonn tograí arna ndéanamh ag coiste roghnúcháin arna chomhdhéanamh d'Ardrúnaithe na n-institiúidí sin tar éis glao oscailte ar iarrthóirí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leis seo, ceaptar Philippe MUSQUAR ina Stiúrthóir ar an Údarás um páirtithe polaitiúla Eorpacha agus um fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2026 go dtí an 31 Lúnasa 2031.

2. Ceapfar an Stiúrthóir ina ghníomhaire sealadach ag grád AD 12, céim 1.

3. Tá an ceapachán faoi réir shíniú ag an Stiúrthóir ainmnithe an dearbhaithe neamhspleáchais agus gan coinbhleacht leasa a bheith ann atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

[1] IO L, 2025/2445, 8.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2445/oj.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Iúil 2026.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

R. METSOLA

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

M. ŠEFČOVIČ

IARSCRÍBHINN

DEARBHÚ NEAMHSPLEÁCHAIS AGUS GAN COINBHLEACHT LEASA A BHEITH ANN

Dearbhaímse, ..., a bhfuil mó shíniú thíos, gur thug mé do m'aire Airteagal 8(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha agus go bhfeidhmeoidh mé mo chuid feidhmeanna i mo cháil mar Stiúrthóir an Údaráis um páirtithe polaitiúla Eorpacha agus um fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ('an tÚdarás') go hiomlán neamhspleách agus i gcomhréir iomlán le rialacha an Rialacháin sin. Agus mé ag gníomhú thar ceann an Údaráis, ní iarrfaidh mé teagasc ná ní ghlacfaidh mé teagasc ó aon institiúid nó rialtas ná ó aon chomhlacht, oifig nó gníomhaireacht eile. Staonfaidh mé ó aon ghníomh atá ar neamhréir le cineál mo chuid dualgas.

Dearbhaím, chomh fada agus is eol dom, nach bhfuilim i staid coinbhleachta leasa. Bíonn coinbhleacht leasa ann i gcás ina gcuirtear i mbaol feidhmiú neamhchlaonta oibiachtúil fheidhmeanna Stiúrthóir an Údaráis ar chúiseanna a bhaineann le cúrsaí teaghlaigh, saol pearsanta, cleamhnacht pholaitiúil, náisiúnta, fhealsúnach nó reiligiúnach, leas eacnamaíoch nó aon leas eile atá i bpáirt le faighteoir maoinithe faoi Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445. Dearbhaím nach feisire de Pharlaimint na hEorpa mé, nach bhfuil aon sainordú toghchánach agam agus nach fostaí mé, agus nár fhostaí riamh mé, de pháirtí polaitiúil Eorpach ná d'fhondúireacht pholaitiúil Eorpach.

Arna dhéanamh in/sa […],

[AN DÁTA + SÍNIÚ

an Stiúrthóra ainmnithe]